2026/2572

20.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2572 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Samhain 2026

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1381 ([2]), (AE) 2017/1380 ([3]), (AE) 2017/1377 ([4]), (AE) 2017/1378 ([5]), (AE) 2017/1379 ([6]), (AE) 2017/1382 ([7]) agus (AE) 2017/1383 ón gCoimisiún ([8]), déantar bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein a fhormheas mar shubstaintí gníomhacha lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 (creimiricídí) faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ('na formheasanna'). Bhí na formheasanna le dul in éag an 30 Meitheamh 2024.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, cuireadh iarratais faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán chun na formheasanna maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 (creimiricídí) a athnuachan ('na hiarratais'). Tá meastóireacht déanta ar na hiarratais ag údaráis inniúla na Danmhairge, na Fionlainne, na Fraince, na hÍsiltíre, na hIorua agus na Spáinne, ag feidhmiú dóibh mar údaráis inniúla mheastóireachta.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1381 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le bródafacúm mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1381/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1380 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le brómaidhé-ólón mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1380/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1377 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le clórafaicineon mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1377/oj).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1378 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le cúmaiteitrilil mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1378/oj).
([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1379 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le défheanacúm mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1379/oj).
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1382 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le défheitialón mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1382/oj).
([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1383 ón gCoimisiún an 25 Iúil 2017 lena ndéantar an formheas maidir le flocúmaifein mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a athnuachan (IO L 194, 26.7.2017, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1383/oj).

(3) Chuir na húdaráis inniúla mheastóireachta an Coimisiún ar an eolas ([9]) go raibh cinneadh déanta acu, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go raibh gá le meastóireacht iomlán ar na hiarratais.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/734 ón gCoimisiún ([10]), cuireadh ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2026 dáta éaga an fhormheasa maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 chun go mbeadh am leodhóthanach ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, an 14 Bealtaine 2025, ghlac an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán na tuairimí ([11]), ([12]), ([13]), ([14]), ([15]), ([16]), ([17]) a rinne a Coiste um Tháirgí Bithicídeacha a fhoirmliú, ag féachaint do chonclúidí na n-údarás inniúil meastóireachta agus chuir sí faoi bhráid an Choimisiúin iad.

(6) De réir na dtuairimí ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, aicmítear bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh de chatagóir 1A nó 1B, agus dá bhrí sin comhlíonann siad an critéar maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ina theannta sin, comhlíonann na substaintí bródafacúm, brómaidhé-ólón, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein na critéir i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]) maidir le bheith marthanach, bithcharnach agus tocsaineach, agus dá bhrí sin comhlíonann siad an critéar maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ina theannta sin, comhlíonann na substaintí défheitialón agus flocúmaifein na critéir i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le bheith ina substaintí atá an-mharthanach agus an-bhithcharnach, agus dá bhrí sin comhlíonann siad an critéar maidir le heisiamh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) De bhun Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ní fhéadfar na formheasanna maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein a athnuachan ach amháin má tá na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) agus ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, den Rialachán sin á comhlíonadh fós ag na substaintí gníomhacha.

([9]) Chuir údarás inniúil meastóireachta na Danmhairge an Coimisiún ar an eolas an 9 Samhain 2023 maidir le cúmaiteitrilil, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fionlainne ar an eolas é an 27 Márta 2023 maidir le défheanacúm, chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince ar an eolas é an 25 Bealtaine 2023 maidir le brómaidhé-ólón, chuir údarás inniúil meastóireachta na hÍsiltíre ar an eolas é an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bródafacúm agus flocúmaifein, chuir údarás inniúil meastóireachta na hIorua ar an eolas é an 1 Samhain 2023 maidir le défheitialón, agus chuir údarás inniúil meastóireachta na Spáinne ar an eolas é an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le clórafaicineon.

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/734 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2024 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défeitialón agus flocúmaifein lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/734, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/734/oj).

([11]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Bródafacúm, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/469/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([12]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Brómaidhé-ólón, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/475/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([13]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Clórafaicineon, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/472/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([14]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Cúmaiteitrilil, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/471/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([15]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Défheanacúm, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/474/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([16]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Défheitialón, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/473/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([17]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir leis an iarratas ar athnuachan a dhéanamh ar fhormheas na substainte gníomhaí: Flocúmaifein, Cineál táirge: 14, ECHA/BPC/470/2025, arna glacadh an 14 Bealtaine 2025.

([18]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

([19]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

(8) I bhfianaise an ama atá fós ag teastáil ón gCoimisiún chun a anailís a thabhairt i gcrích agus chun togra le haghaidh cinnidh a chur faoi bhráid an Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha maidir le formheasanna na substaintí gníomhaí a athnuachan, lena n-áirítear plé le hionadaithe na mBallstát, ní féidir cinntí a ghlacadh maidir leis na hiarratais sula rachaidh na formheasanna reatha in éag.

(9) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag na hiarratasóirí orthu, is dócha go rachaidh na formheasanna in éag sula ndéanfar cinneadh maidir lena n-athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga na bhformheasanna a chur ar atráth an athuair go ceann tréimhse leordhóthanach chun gur féidir an scrúdú ar na hiarratais a chur i gcrích.

(10) I bhfianaise an ama a theastóidh ón gCoimisiún chun cinneadh a dhéanamh an ndéanfar athnuachan ar fhormheasanna na substaintí gníomhacha sin lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14, ba cheart dáta éaga na bhformheasanna sin a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2027.

(11) Tar éis dátaí éaga na bhformheasanna a chur ar atráth, beidh bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein formheasta go fóill lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna hIarscríbhinní a bhaineann lena bhformheasanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le bródafacúm, brómaidhé-ólón, clórafaicineon, cúmaiteitrilil, défheanacúm, défheitialón agus flocúmaifein lena n-úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 14 a leagtar amach i Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1381, (AE) 2017/1380, (AE) 2017/1377, (AE) 2017/1378, (AE) 2017/1379, (AE) 2017/1382 agus (AE) 2017/1383 ón gCoimisiún, faoi seach, cuirtear ar atráth an dáta éaga sin go dtí an 31 Nollaig 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN